# Cairt an Choiste Dhigitigh
# TG4
# Meitheamh 2024

## Feidhm an Choiste

### 1. Cuspóir

Bunaíodh an Coiste Digiteach chun cuidiú le Bord TG4 a bhfreagrachtaí maoirseachta maidir leo seo a leanas a chomhlíonadh:

1.1. An cur chuige Straitéise i leith sheirbhís TG4 ar ardáin Neamhlíneacha; lena n-áirítear

1.1.1. Seinnteoir TG4
1.1.2. Seinnteoir 3ú Páirtí
1.1.3. YouTube
1.1.4. Ardáin Shóisialta

### 2. Cur Chuige an Choiste

Tagann an Coiste Digiteach le chéile uair in aghaidh na bliana:
Clár an Chruinnithe sin:
Léargas ar Phlean do na hArdáin Dhigiteacha don Bhliain.

Déanfaidh an Stiúrthóir Margaíochta Cur i Láthair ag an Chruinniú agus beidh deis ag na comhaltaí Boird moltaí agus treoir a thabhairt.

Ó am go chéile déanfar cur i láthair do Bhord iomlán TG4, sa gcás go bhfuil togra ar leith a bheadh ina ábhar suime don Bhord níos leithne.

### 3. Comhdhéanamh

Tá triúr ball de Bhord TG4 ar an gCoiste, ceapaithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

Tá an Stiúrthóir Margaíochta, Forbartha agus Comhpháirtíochta mar ionadaí ón Ard-Bhainistíocht ar an mBord.

Ó am go chéile iarrfar ar Bhainisteoirí TG4 atá freagrach as tograí ar leith freastal ar chruinniú.

## 4. Freagrachtaí a bhaineann le Tuairisciú & Comhlíonadh

4.1. Tuairisciú do Bhord TG4 maidir le gníomhaíochtaí agus saincheisteanna an Choiste agus moltaí bainteacha

4.2. Eolasach maidir le réimse ardán ar a bhfuil TG4 ar fáil.

4.3. Eolas ar aon tuairiscí ábharacha a eisítear i leith Ardáin agus nósmhaireachtaí féachana Ardán digiteach / neamhlíneach.

**Pointí Eolais don Choiste**: -

## 5. Mórspriocanna do Cur Chuige Digiteach TG4:

- TG4 i lár an aonaigh [*Prominence*]
- Éasca theacht air [*findability*]
- Aitheantas do TG4 [*Attribution*]

## 6. Cúram na nArdán Digiteach

- Ardán: (na hardáin ar a bhfuil TG4 ar fáil)
- Ábhar: an t-ábhar atá ar fáil againn; agus an stiúir eagarthóireachta (curation) ar an ábhar sin.
- Aimsiú: UX – an bhfuil an t-ábhar atá á lorg ag an lucht féachana éasca le theacht air.

## 7. Foirne in TG4 atá lárnach san obair NeamhLíneach

7.1. Foireann Seinnteora TG4
7.2. Foireann Sceidealaithe & Seinnteora
7.3. Foireann Theicniúil TG4
7.4. Foireann Deartha TG4 (UX)
7.5. Foireann Ardáin Shóisialta TG4.

## 8. TG4 - Ardáin neamhlíneacha:

- Seinnteoir TG4 (TG4.ie agus Aip)
- Seinnteoir Cúla4 (Cúla4.com agus Aip)
- Seinnteoirí 3ú Páirtí (m/sh RTE Player, Sky, Virgin, Eir, SmartTV)
- Brandaí: Molscéal | SpórtTG4 | Foghlaim | Bloc | Cúla4 | Gradam Ceoil
- Cainéil YouTube: TG4 | Spórt | Cúla4 | Bloc | Ceol Trad